# Cuntasóir Cúnta
# Conradh - Saoire Máithreachais

**Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh ag clúdach saoire máithreachas, post ar chonradh, a bheidh ag feidhmiú mar chuid d'fhoireann dhíograiseach sa Rannóg Airgeadais. Táthar ag lorg duine cumasach agus tiomanta a bhéas freagrach as bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar fheidhm phleanála airgeadais agus bhuiséadaithe na heagraíochta mar aon le hullmhú cuntas míosúil, agus chun cabhrú dualgais ghéilliúlachta, iniúchta agus tuairiscithe a chaithfidh an eagraíocht a chomhlíonadh.**

**Dualgais**

- Anailís a dhéanamh ar phátrúin ioncaim agus chaiteachais na heagraíochta, idir reatha agus caipiteal,
- Monatóireacht a dhéanamh ar phátrúin chaiteachais chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le réimse dualgas lena n-áirítear an Cód Caiteachais Phoiblí, an Creat um Bainistíocht Oibreacha Caipitil agus riachtanais Soláthair Phoiblí,
- Úinéireacht a ghlacadh ar an bpróiseas buiséid idir cúrsaí reatha agus caipiteal,
- Cuntais bhainistíochta míosúla a ullmhú go pras agus a chur ar fáil do bhainistíocht,
- Tacú leis an gCuntasóir chun dualgais airgeadais na heagraíochta a chomhlíonadh lena n-áirítear cuntais reachtúla a ullmhú, ábhar a ullmhú agus a sholáthar don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ceisteanna na n-iniúchóirí seachtracha a fhreagairt,
- Anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar thograí agus cláir Eorpacha.

**Bheadh na tréithe a leanas ag sáriarrthóir ar an bpost:**

- Cáilíochtaí Acadúla - Cuntasóir láncháilithe nó páirtcháilithe le heagraíocht chuntasaíochta aitheanta ar nós ACA, ACCA, CIMA, nó CPA nó, Teicneoir Cuntasaíochta láncháilithe le ATI
- Ar a laghad dhá bhliain de thaithí fhairsing ag obair i rannóg cuntas ag ullmhú buiséid agus ag cur tuarascálacha airgeadais ábhartha ar fáil go tráthúil,
- Scileanna eagrúcháin láidre chomh maith le haird ar mhionsonraí agus ar chruinneas,
- Scileanna réiteach fadhbanna mar aon le leibhéal ard scileanna uimhearthachta agus anailíse,
- Cumas i bhfeidhmiú córais ríomhaireachta airgeadais agus pacáistí caighdeánacha ríomhaireachta ar nós MS Word, Excel, Teams, Outlook. Eolas faoi One Drive agus Sharepoint ina bhuntáiste ach níl sé riachtanach,
- Scileanna ceannaireachta den scoth agus an cumas chun foireann a spreagadh, a threorú agus a bhainistiú,
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, i nGaeilge agus i mBéarla, i scríbhinn agus ó bhéal.

Is post ar chonradh é seo ag clúdach saoire máithreachas. Tá scála tuarastail ag grád Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin idir €53,955 - €67,951 ag dul leis an bpost seo. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.
Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha i nGaillimh.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie

Tá tuilleadh eolais le fáil sa leabhrán eolais ag http://www.udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/poist-ar-fail

Glacfar le hiarratais go dtí **4.00 i.n. ar 22 Meán Fómhair 2023**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.*